

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 9

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, tá orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a thíolacadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasai-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €15.769 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciarlán 20 de 2024, i bhfeidhm agus an chuntas á ullmhú. Áirítear leis seo an feidhmiú de roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a cuireadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Ríomhtar agus gearrtar dímheas ar mhaoín, ar ghléasra agus ar threallamh agus amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí gaolmhara na mór-aicmí sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainní	Saolré Úsáideach	Ráta dímheas
Cuitéar na gCoimisineirí Ioncaim	20 bhliain	5%
Bogearraí forbartha	10 bhliain	10%
Troscáin agus feisteas	10 bhliain	10%
Feithiclí agus trealamh	5 bhliain	20%
Trealamh Oifige agus TF	5 bhliain	20%
Bogearraí faighte	5 bhliain	20%

Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige.

Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuarascáil bhainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistithe seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte achmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdháileadh dualgais agus córas tarmलगin agus cuntasachta, agus go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air.
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha

- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig chun rioscaí a aithint roimh ré agus chun a chinntiú go gcuirtear straitéis mhaolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú, áirítear
- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
- Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas ar nithe a imríonn tionchar ar riosca
- Pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ar leibhéal eagraíochtúil, na Rannóige agus na mBrainse.
- Creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadail

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúcháireachta Inmheánaí scríofa a bhfuil mé tar éis a cheadú. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus corparáideacha sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna iniúcháireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Tá sonraí maidir le 61 conradh neamh-iomaíochta os cionn €25,000 curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Bhí an Roinn comhlíontach le treoirlínte seachas i gcás 5 gconradh ar luach os cionn €25,000(eisiata ó CBL) arb ionann é agus €642,761 san iomlán (eisiata ó CBL) agus leagtar na sonraí amach thíos.

- Cuireadh síneadh arís le conradh amháin chun earraí urghafa a stóráil ar luach €241,116 a bronnadh faoi phróiseas comhlíontach in 2022 fad is a d'imigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an margadh le na hearraí a dhiúscairt go sábháilte. Bronnadh conradh chun na hearraí a dhiúscairt i mí an Mhárta 2025.
- Tuairiscíodh conradh amháin chun seirbhísí slándála a sholáthar ar luach €187,142 roimhe seo mar chonradh neamhchomhlíontach. Cuireadh síneadh le conradh a bhí ann le soláthraí reatha fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tabhaíodh an caiteachas neamhchomhlíontach i mí na Nollag 2023 agus rinneadh an fócaíocht i mí Eanáir 2024. Rinneadh conradh nua i mí Eanáir 2024.

- Meastar go raibh conradh amháin chun seirbhísí stenagrafaíochta a sholáthar ar luach €97,085, a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch comhlíontach, neamhchomhlíontach. Cuireadh síneadh le conradh a bhí ann le soláthróir reatha fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Rinneadh conradh nua i mí Iúil 2024.
- Meastar go raibh conradh amháin chun seirbhísí gutha soghluaiste agus sonraí a sholáthar ar luach €86,578, a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch comhlíontach, neamhchomhlíontach mar gheall ar mhoilleanna idirthréimhseacha maidir le haistriú chuig soláthraí seirbhíse nua. Cuireadh síneadh le conradh a bhí ann le soláthróir fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Rinneadh conradh nua i mí Feabhra 2025.
- Measadh go raibh conradh amháin chun seirbhísí oiliúna a sholáthar ar luach €30,840 neamhchomhlíontach toisc go raibh caiteachas comhiomlánaithe os cionn na tairsí do phróisis soláthair níos foirmiúla. Déanfar athbhreithniú ar na riachtanais d'fhonn próisis soláthair chomhlíontacha a chur i bhfeidhm le linn 2025.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáide i bhfeidhm a dhéanann taifeadadh ar na príomhrioscaí sainaitheanta atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraíonn an clár riosca na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú. Déantar na gníomhartha seo a chomhtháthú i bpróiseas pleanála straitéiseach agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim, agus déantar cinnte go bhfuil maoluithe ag leibhéal na Rannóige i bhfeidhm trí iniúchóireacht inmheánach, rud atá mar chuid den idirphlé iniúchta.

Tá próiseas athbhreithnithe ráithiúil ann don Chlár Riosca Corparáide. Tuairiscíonn rannóga ar éifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéal riosca iarmharach tar éis maolaithe. Déantar athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear ar chóir aon athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, a mheas mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR). Cuireann Cathaoirleach an CBR an clár nuashonraithe i láthair ansin don Choiste Comhairleach Bainistíochta (MAC). D'fhoráil an próiseas seo go n-aithnítear ardú riosca, go n-athbhreithnítear, go dtuairiscítear agus go n-áireofar é sa Chlár Riosca Corparáide. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a tugann siad dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartais bhainistíochta riosca na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ann, le tacaíocht ó Aonad Cosanta Sonraí, chun a chinntiú go bpróiseálann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta foirne, custaiméirí, soláthraithe nó aon duine aonair eile i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2018/1725 agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhnímh go bhfuil príomhríoscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais

I rith 2024, rinneadh iarracht ar chalaois atreoraithe sonraisc, bhí soláthróir earraí d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim bainteach leis, agus nochtar é sin i Nóta 6.5 den chuntas. B'ionann an tsuim a bhí i gceist agus suim €343,000. Níor éirigh leis an iarracht, agus d'éirigh le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim an t-airgead a aisghabháil. Thuairiscigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim na sonraí ábhartha don Gharda Síochána.

Ó tharla an iarracht calaoise seo, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis rialuithe a neartú maidir le socruithe soláthraithe agus athruithe ar shonraí bainc soláthróirí. Tá próiseas tugtha isteach ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun soláthraithe nua a fhóru go neamhspleách chomh maith le gach iarratas ar shonraí bainc soláthróra a athrú. Baineann an próiseas seo úsáid as meascán de chórais reatha na gCoimisinéirí Ioncaim agus déantar teagmháil dhíreach leis an soláthróir chun sonraí a dheimhniú.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach a raibh nó a bhféadfaidh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu i ndáil le 2024 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Niall Cody

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

3 Meán Fómhair 2025

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur ann do leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024, mar aon leis na bearta atáthar a dhéanamh chun é sin a laghdú.

Calaois a bhaineann le hatreorú íocaíochta

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais freisin gur tharla calaois in 2024 a bhain le hiarracht chun íocaíocht sonraisc a atreorú. Gnóthaíodh méid iomlán na híocaíochta €343,000 a rinne Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus tá bearta déanta chun feabhas a chur ar na rialuithe maidir le mionsonraí soláthróirí a fhíorú.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas Leithreasa 2024				
		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A	Riar agus bailiú cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann			
	Leagan bunaidh	573,452		
	Forlíonadh	22,184		
			595,636	581,081
				585,127
			595,636	581,081
				585,127
Glanchaiteachas				
	Lúide			
B	Leithreasaí-i-gcabhair			
	Leagan bunaidh	61,200		
	Forlíonadh	2,300		
			63,500	64,714
				62,468
			63,500	64,714
				62,468
Glanchaiteachas				
	Leagan bunaidh	512,252		
	Forlíonadh	19,884		
			532,136	516,367
				522,659
			532,136	516,367
				522,659

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Stáitchiste.

	2024	2023
	€	€
Farasbarr le géilleadh	15,769,429	3,545,686

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

28 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

	2024	2023
	€000	€000
Pá	394,131	374,191
Neamhphá	186,950	210,936
Glanchaiteachas	581,081	585,127
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	64,714	62,468
Glanchaiteachas	516,367	522,659
Athraithe i sócmhainní caipitil		
<i>Maoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(4,942)	
Dímheas	4,731	
Diúscairtí in airgead tirim	4	
Brabús ar dhiúscairtí	(86)	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(8,514)	
Amúchadh	13,889	
Iomlán na n-athruithe ar shócmhainní caipitil	5,082	2,025
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(293)	
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(1,824)	
Méadú ar ioncam fabhraithe	(1,620)	
Méadú ar chostais fhabhraithe	14,612	
Méadú ar fhorálacha	1,437	
Méadú ar ioncam iarchurtha	696	
	13,008	501
Caiteachas díreach	534,457	525,185
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	178,416	171,953
Cíosanna barúlacha	12,043	12,043
Glanchostas cláir	724,916	709,181

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile, ghlan ó chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	164,489	156,569
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	17,092	19,012
Vóta 18	Oifig Naisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	644	705
		182,225	176,286
	Costais na seirbhísí comhroinnte a sholáthraítear do sheirbhísí vótáilte eile a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil saor ó chostas	(3,809)	(4,333)
		178,416	171,953
Tabhair do d'aire	^a Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan muirear do Vótaí eile léirithe anseo (€3.809 milliún), cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1.324 milliún ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Cé gur costais iarbhrí iad tromlach na gcostas seirbhíse gaolmhara, cuireadh gar-chostais i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na costais iarbhrí ar fáil.		

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Tabhair do d'aire	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	13,808	29,913
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	65,742	71,152
		79,550	101,065
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	7,512	15,411
Fardail	2.4	1,373	1,080
Réamhíocaíochtaí	2.5	18,789	16,966
Ioncaim fabhraithe	2.6	2,590	970
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	18,471	2,657
		48,735	37,084
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Forálacha	2.8	1,437	—
Speansais fhabhraithe	2.9	21,883	7,307
Ioncam iarchurtha	2.10	955	259
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.11	16,129	17,484
Glanmhaoiniú ón Stáitchiste	2.12	9,854	584
		50,258	25,634
Glan-shócmhainní reatha (dlíteanais)		(1,523)	11,450
Glansócmhainní		78,027	112,515
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.13	78,027	112,515

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Feithiclí agus trealamh €000	Trealamh Oifige agus TF €000	Troscáin agus feisteas €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil^a				
Amhail an 1 Eanáir 2024	20,710	53,958	84,318	158,986
Breiseanna	481	3,754	922	5,157
Diúscairtí	(65)	(4,228)	(1,610)	(5,903)
Coigeartú: tionscadal sócmhainne ^b	—	(73)	(957)	(1,030)
Coigeartú: Bonneagar an Bhreathimeachta ^c	—	—	(23,590)	(23,590)
Amhail an 31 Nollaig 2024	21,126	53,411	59,083	133,620
Dímheas carntha				
Amhail an 1 Eanáir 2024	17,496	49,900	61,677	129,073
Dímheas don bhliain	1,231	2,054	1,446	4,731
Dímheas ar dhiúscairtí	(65)	(4,228)	(1,477)	(5,770)
Coigeartú: tionscadal sócmhainne ^b	—	(73)	(957)	(1,030)
Coigeartú: Bonneagar an Bhreathimeachta ^c	—	—	(7,192)	(7,192)
Amhail an 31 Nollaig 2024	18,662	47,653	53,497	119,812
Glansócmhainní				
Amhail an 31 Nollaig 2024	2,464	5,758	5,586	13,808
Amhail an 31 Nollaig 2023	3,214	4,058	22,641	29,913

- Nótaí
- ^a Áirítear leis an gcostas nó leis an luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.
 - ^b Cuireadh tús leis an obair ar thionscadal fíoraithe sócmhainní in 2024. Bhí gá le coigeartú chun sócmhainní ar luach íseal a bhaint den chlár.
 - ^c Bhí sciar de chostais bhonneagair an Bhreathimeachta caipitlithe ag na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Ros Láir. Bhí gá le coigeartú chun an costas a bhaint den chlár.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh €000	Sócmhainní doláimhsithe á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2024	409,231	4,565	413,796
Breiseanna	209	8,270	8,479
Tugtha in úsáid	12,268	(12,268)	—
Diúscairtí	(6,853)	—	(6,853)
Amhail an 31 Nollaig 2024	414,855	567	415,422
Amúchadh carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2024	342,644	—	342,644
Amúchadh don bhliain	13,889	—	13,889
Amúchadh diúscairtí	(6,853)	—	(6,853)
Amhail an 31 Nollaig 2024	349,680	—	349,680
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2024	65,175	567	65,742
Amhail an 31 Nollaig 2023	66,587	4,565	71,152

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2024 €000	2023 €000
larmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	7,070	13,577
larmhéid cuntais bainc tráchtála	55	54
larmhéid cuntas bainc SFSP	83	65
larmhéid cuntas bainc SFPF	175	539
larmhéid cuntas bainc SSTFG	129	1,176
	7,512	15,411

2.4 Fardail

amhail an 31 Nollaig	2024 €000	2023 €000
Stáiseanóireacht agus stóir bheaga	53	61
Trealamh/éadaí/ilghnéitheach	1,320	1,019
	1,373	1,080

2.5 Réamhiocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Seirbhísí agus Tacaíocht TFC	10,348	11,263
Costais eile riaracháin	7,290	4,552
Postas	1,151	1,151
	18,789	16,966

2.6 Ioncam fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Ioncam riaracháin	2,590	970
	2,590	970

2.7 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Airleacain i leith foirgneamh chomhroinnte	329	498
Caiteachas in-fhorchúitithe taistil	102	44
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, srl.	9,614	1,484
Vóta 10, An Coimisiún um Achomhairc Chánach	342	280
Tuarastail in-fhorchúitithe	50	133
Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	100	114
Taisteal óinchiste	1	2
Míreanna dochair eile ar fionraí ^a	7,933	102
	18,471	2,657

Tabh ^a I míreanna dochair fionraí eile, tá €7.823m maoinithe roimh air do dheireadh na bliana le haghaidh tuarastal a bhí dlite ar an 2 d'aire agus an 3 Eanáir 2025.

2.8 Forálacha

amhail an 31 Nollaig	2024	
	€000	
Cásanna dlí	1,437	
lomlán	1,437	
Dliteanas reatha	1,437	
lomlán	1,437	
Gluaiseacht do gach aicme forála mar seo a leanas		
	Cásanna Dlí	lomlán
	€000	€000
Iarmhéid Tosaigh	—	—
Foráil bhreise déanta	1,437	1,437
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	1,437	1,437

2.9 Costais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Fabhruithe gaolmhara párolla	17,933	—
Seirbhísí agus Tacaíocht TFC	708	1,005
Oiliúint agus forbairt agus costais eile ó lá go lá	31	1,530
Costais eile riaracháin	3,211	4,772
	21,883	7,307

2.10 Géilleadh larchurtha

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Maoiniú ón AE chun trealamh speisialaithe a sholáthar	805	105
Ioncam ó tháillí a fuarthas roimh ré	150	154
	955	259

2.11 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	4,255	4,400
Muirear Sóisialach Uilíoch	841	928
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	3,609	3,621
Cáin Siarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	1,409	1,162
Cáin Bhreisluacha	1,713	1,498
Ranníocaíochtaí pinsin	1,188	1,220
Cáin Mhaoine Áitiúil	32	37
Fáltais bhreise an Státchiste	13	3
	13,060	12,869
Ar fionraí		
Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí	2,459	2,528
Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré	104	204
Dlite chuig an RCS i leith		
• SFSP ^a	83	65
• SFPF ^a	175	539
Dlite go Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim		
• SSTFG ^b	129	1,176
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	119	103
	16,129	17,484

Tabh ^a In 2024, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí agus aisghabhálacha air do a riartar faoin SFPF.

- Íocaíochtaí SFPF €1.5 milliún
- Aisghabhálacha SFPF €35 milliún

Tháinig aisghabhálacha €35 milliún chun cinn de bharr aisíocaíochtaí i leith dliteanais SFPF.

In 2024, ba iad seo a leanas na híocaíochtaí agus aisghabhálacha a riartar faoin SFSP

- Íocaíochtaí SFSP €41,000
- Aisghabhálacha SFSP €12.6 milliún

Tháinig aisghabhálacha €12.6 milliún chun cinn de bharr aisíocaíochtaí i leith dliteanais SFSP.

^b In 2024, b'ionann íocaíochtaí (glan ar aisíocaíochtaí agus éilimh neamhíochta) a riartar faoin SSTFG agus €97,000.

2.12 Glanmhaoiniú ón Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	15,769	3,545
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(5,915)	(2,961)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	9,854	584

Arna léiriú ag:

Féichiúnaithe

Banc agus airgead tirim	7,512	15,411
larmhéideanna dochair: ar fionraí	18,471	2,657
	25,983	18,068

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(13,060)	(12,869)
larmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(3,069)	(4,615)
	(16,129)	(17,484)
	9,854	584

2.13 Cuntas maoinithe Stáit

	Tabha ir do d'aire	2024 €000	2023 €000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		112,515	115,569
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	532,136	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(15,769)	
Vóta glan		516,367	522,659
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	178,416	171,953
Caiteachas neamhairgid thirim – meán chíos	1	12,043	12,043
Míreanna neamhairgid – Coigeartú TCP	2.1	(16,398)	—
Míreanna neamhairgid – díluacháil	2.2	—	(528)
Glanchoistas cláir	1	(724,916)	(709,181)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		78,027	112,515

2.14 Gealltanais

amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	37,043	49,567
Tionscadail chaipitil agus cláir	12,739	29,954
Líon iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí	49,782	79,521

b) Mórtionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos mó ná €10 milliún

Clár/ tionscadal	Caiteachas			Costas saolré an tionscadail lena bhfuiltear ag súil leis	
	Go dtí 31 Nollaig 2023	In 2024	Tiomanta do	2024	2023
	€000	€000	€000	€000	€000
Críochfort 7, Europort Ros Láir	51,301	17,215	12,739	81,255	81,255

Tabhair do d'aire ^a Tá na Coimisinéirí loncaim ag cómhaoiniú, trí Vóta 9, chun áis nua teorann (Críochfort 7) a thógáil ag Calafort Ros Láir. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag seachadadh an tionscadail ar bhonn gníomhaireachta. Is é sciar comhaontaithe na gCoimisinéirí loncaim de chostas iomlán an tionscadail ná 34.43%. Léiríonn figiúr na gceangaltas na costais a bheidh le híoc ag Vóta 9 go dtí go gcríochnófar an tionscadal (meastar go gcríochnófar é i Deireadh Fómhair 2025). Cuirfear an tsócmhainn iomlán san áireamh sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

2.15 Dlíteanas teagmhasach

Tá dlíteanas theagmhasacha de €4.549 milliún ag na Coimisinéirí loncaim (2023: €5.308 million) i leith costais dlí agus chúitimh.

2.16 An chéad uair a glacadh le CGAS in 2024

Áirítear leis an ngluaiseacht ar na cúlchistí ginearálta, arna léiriú ag cuntas maoinithe an Stáit a eascraíonn as tabhairt isteach CGAS den chéad uair.

amhail an 31 Nollaig	2024
	€000
Forálacha ^a	(1,437)
Fabhruithe párolla ^b	(10,157)
Fabhruithe saoire ^b	(7,776)
	(19,370)

Tabhair do d'aire ^a CGAS 19 Forálacha, Dlíteanas Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha ^b CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas chlár uile aicmithe mar chaiteachas riarachán.

		2024		2023 ^a
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Leagan bunaidh</i>	400,993		
	<i>Forlíonadh</i>	(4,493)		
			396,500	394,131
ii	Taisteal agus cothabháil			
	<i>Leagan bunaidh</i>	3,700		
	<i>Forlíonadh</i>	1,200		
			4,900	4,374
iii	Oiliúint agus Forbairt		3,300	3,204
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil			
	<i>Leagan bunaidh</i>	34,695		
	<i>Forlíonadh</i>	6,951		
			41,646	40,577
v	Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus costais TF			
	<i>Leagan bunaidh</i>	85,850		
	<i>Forlíonadh</i>	1,300		
			87,150	88,225
vi	Costais Áitribh			
	<i>Leagan bunaidh</i>	10,770		
	<i>Forlíonadh</i>	16,660		
			27,430	18,090
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde			
	<i>Leagan bunaidh</i>	2,900		
	<i>Forlíonadh</i>	(1,170)		
			1,730	979
viii	Feithiclí agus costais bhainistíochta teorann			
	<i>Leagan bunaidh</i>	17,594		
	<i>Forlíonadh</i>	1,086		
			18,680	16,628
				11,792

		2024		2023 ^a
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
ix	Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí			
	Leagan bunaidh	12,900		
	Forlíonadh	800		
			13,700	11,693
x	Cúiteamh agus caillteanais			
	Leagan bunaidh	750		
	Forlíonadh	(150)		
			600	635
		595,636	581,081	585,127

Tabhair ^a do d'aire Athraíodh anailís na bhfo-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú trasna na gcuntas vótáilte. Leasaíodh na figiúirí comparáideacha do 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

Athruithe suntasacha

Tugtar achoimre sa nóta seo ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000) don chaiteachas riaracháin.

- vi Costais áitribh

Soláthar meastacháin €10.77 milliún; toradh €18.09 milliún

D'eascair róchaiteachas €7.32 milliún de bharr Caiteachas bonneagair ar Chalafort Europort Ros Láir. Bhí meastachán forlíontach ag teastáil.
- vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde

Soláthar meastacháin €2.9 milliún; toradh €979,000

D'eascair tearc-chaiteachas de €1.921 milliún mar gheall ar chaiteachas níos ísle ná mar a bhí réamh-mheasta le haghaidh tuairimí saineolaithe agus comhairleoireacht do chásanna Achomhairc Cánach ardluacha.
- viii Feithiclí agus costais bhainistíochta teorann

Soláthar meastacháin €17.594 milliún; toradh €16.628 milliún

D'eascair tearc-chaiteachas maidir le costais Bhainistíochta Teorann mar gheall ar chaiteachas níos ísle ná mar a bhí réamh-mheasta ar dtús i dtaca le Caiteachas Urghabhála agus Trealamh Braite. In 2024, tabhaíodh caiteachas €6.626 milliún maidir le coinneáil agus cothabháil leanúnach an árthaigh a urghabhadh, an MV Matthew.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

		2024	2023
		Soláthar meastacháin	Réadaithe
		€000	€000
1	Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an scéim ÁSPC	37,437	37,437
2	Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh		
	<i>Leagan bunaidh</i>	2,150	
	<i>Forlíonadh</i>	(15)	
		2,135	2,322
3	Uimhreacha caomhnaithe		
	<i>Leagan bunaidh</i>	213	
	<i>Forlíonadh</i>	65	
		278	367
4	Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil	400	426
5	Sciar an chostais bailithe d'Údarú Singil do Nósanna Imeachta (ÚSNIS)		
	<i>Leagan bunaidh</i>	9,400	
	<i>Forlíonadh</i>	350	
		9,750	10,004
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí		
	<i>Leagan bunaidh</i>	9,500	
	<i>Forlíonadh</i>	450	
		9,950	10,064
7	Ilghnéitheach		
	<i>Leagan bunaidh</i>	2,100	
	<i>Forlíonadh</i>	1,450	
		3,550	4,094
		63,500	64,714
			62,468

Athruithe suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €3.514 milliún níos mó ná mar a bhí an meastachán bunaidh.

2 Fíneálacha, forghéillte, costais dlí a aisghabhadh

Measta €2.150 milliún; réadaithe €2.322 milliún

Tagann an méadú ar mheastacháin chun cinn mar gheall ar líon níos mó fíneálacha maidir le cionta díosail agus máil.

3 Uimhreacha caomhnaithe

Measta €213,000; réadaithe €367,000

Féadann sé a bheith deacair an t-éileamh ar chlárú feithiclí faoi chothabháil a thuar go cruinn mar go mbaineann sé le caiteachas lánroghnach ag ceannaitheoirí feithiclí nua. Glactar meastachán caol agus an meastachán á úllmhú.

5 Sciar de chostais bailiúcháin SASP

Measta €9.4 milliún; réadaithe €10.004 milliún

Bhí méadú €604,000 ar fháltais chostais bailithe Custam i gcomparáid leis an réamhaisnéis.

6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €9.5 milliún; réadaithe €10.064 milliún

Tagann an méadú ar mheastacháin chun cinn mar gheall ar na méaduithe pá a ghintear leis an gComhaontú Pá Móiminteam Tógála a mhéadaigh fáltais RAB dá réir.

7 Ilghnéitheach

Measta €2.1 milliún; réadaithe €4.094 milliún

Tá an méadú mar gheall ar aisíocaíochtaí Vóta, méaduithe ar fháltais ó aisíocaíocht shuntasach táillí leachtaithe agus deireadh a chur le Leas Diúltach in Ús Bainc.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Stáitchiste

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3	—
Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	3,589	708
Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghó chumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní	427	690
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(4,006)	(1,395)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	13	3

Nóta 5, Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Comhionann le fostaithe lánaimseartha	2024	2023
Líon foirne ag deireadh na bliana	6,654	6,901

5.2 Pá

	2024 €000	2023 €000
Pá	348,747	332,134
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	9,820	9,322
Ragobair	3,359	3,259
ÁSPC Fostóra	32,205	29,476
Pá iomlán	394,131	374,191

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2024 €	2023 €
Foireann na rannóige				
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	105	18	27,723	22,290
Ragobair agus tinreamh breise	1,385	156	32,884	39,353
Liúntais le haghaidh sealobair agus obair uainchláir	809	324	29,965	28,992
Ilghnéitheach	74	9	30,320	37,069
Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin	212	89	36,015	37,440

5.4 Bandaí pá na bhfostaithe oifige

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar thit a sochair d'fhostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 os cionn €60,000.

Banda pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go dtí	2024	2023
20,000	59,999	4,961	5,230
60,000	69,999	871	704
70,000	79,999	361	381
80,000	89,999	309	208
90,000	99,999	187	179
100,000	109,999	80	52
110,000	119,999	40	37
120,000	129,999	50	31
130,000	139,999	10	3
140,000	149,999	2	—
150,000	159,999	1	1
160,000	169,999	1	9
170,000	179,999	8	3
180,000	189,999	5	—
190,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	1
220,000	229,999	—	2
230,000	239,999	2	—

5.5 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €124,000 (2023: €120,000) san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 2,361 (2023: 2,254) dámhachtain ar leithligh, ó €15 go €250.

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais

	2024	2023
	€000	€000
Pá bunúsach	238	227

Tá an tOifigeach Chuntasaíochta ina bhall den scéim pinsin ó roimh 1995 agus ní imíonn a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin eiseamláireach seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas.

5.7 Socruithe eile maidir le luach saothair

D’íoc na Coimisinéirí Ioncaim €17,000 in iomlán i 2024 le 19 státseirbhíseach scortha i ndáil le íocaíochtaí comhalta coiste, táillí bord agallaimh, agus costais fhinnéithe (2023: Íocadh €44,000 le 34 státseirbhíseach ar scor). Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas de €1.07 milliún i leith 18 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2024 nó cuid de agus ar íoc an Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2023: €877,000 i ndáil le 17 oifigeach).

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas maidir le 20 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2024 go léir nó do chuid de, i ranna Rialtais eile agus nár aisíoc an Oifig a dtuarastail.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2024 €000	2023 €000
Ró-íocaíochtaí	1,654	1,709	1,679
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	784	1,574	815

Aistríodh 16 plean aisghabhála ró-íocaíochta i ndáil le 16 duine aonair ar luach €10,380, chuig 10 roinn/oifig eile le linn na bliana.

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana	2024 €000	2023 €000
Foirgnimh Chomhroinnte ^a	6	—
Fardal as feidhm	1	2
Ró-íocaíochtaí párolla	—	123
	<u>7</u>	<u>125</u>

Tabhair ^a D'aithin athbhreithniú ar shuíomhanna comhroinnte le ranna/oifigí do Rialtais eile ceithre shuíomh a roinneadh le OPW le hiarmhéideanna stairiúla idir Aibreán agus Nollaig 2012 maidir le glanadh oifigí, baint dramhaíola, tírdhreachú, cothabháil agus slándáil. Mar gheall ar an am a bhí caite, socraíodh an t-iarmhéid a dhíscríobh.

6.2 Luaíochtaí, táillí agus muirir dlí (fo-cheannteidil A (ix))

Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas.	2024 €000	2023 €000
Dlíodóirí seachtracha	4,153	2,968
Táillí abhcóide	6,798	5,662
Costais féimheachta/leachtaithe	2,109	2,131
Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha	877	932
	<u>13,937</u>	<u>11,693</u>

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Oifig sa bhliain							
	Éilimh ag					Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe		Baill den phobal				
	Díobháil phearsanta ^a	Eile ^b	Díobháil phearsanta ^c	Caillteanas nó damáiste ^d	Eile ^e		
Líon na gcásanna	8	3	6	6	18	41	55
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí féin na gCoimisinéirí Ioncaim	108	4	11	—	204	327	150
Íocaíochtaí déanta ag/thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim							
Cúiteamh	203	—	—	9	—	212	348
Costais dlí	73	—	60	—	478	611	254
Costais eile	5	2	1	1	2	11	18
Iomlán 2024	389	6	72	10	684	1,161	770
Iomlán 2023	311	19	129	14	297	770	

Nótaí

- ^a Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €120 agus €100,000
- ^b Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €65 agus €15,000
- ^c Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €60 agus €36,000
- ^d Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €100 agus €4,500
- ^e Bhí na suimeanna a íocadh i gcásanna aonair idir €110 agus €285,000
- ^f Amhail an 31 Nollaig 2024, is iad seo a leanas na héilimh amuigh.
 - Éilimh gortaithe pearsanta: 22 – fostaithe 13, baill den phobal 9 (2023: 23)
 - Éilimh chaillteanais nó damáiste: 3 – fostaithe 0, baill den phobal 3 (2023: 5)
 - Éilimh eile: 33 – Baill den phobal 33 (2023: 29)

Costas carnach na gcásanna a críochnaíodh in 2024

	Éilimh ag		Iomlán
	Fostaithe	Baill den phobal	
Líon na gcásanna	4	9	13
	€000	€000	€000
Costais dlí féin na gCoimisinéirí loncaim	35	226	261
Íocaíochtaí déanta ag/thar ceann na gCoimisinéirí loncaim			
Cúiteamh	140	10	150
Costais dlí	73	193	266
Costais eile	14	9	23
Iomlán	262	438	700

6.4 Costais Eadrána agus Idir-réitigh

Cuimsítear i gcaiteachas 2024 íocaíocht de €6,150 (2023: €nil) a íocadh le hidirghabhálaí chun na costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána.

Bhí 1 chás ann in 2024 (2023:nil). Cuimsíonn an figiúr CBL agus táillí idirghabhála.

6.5 Calaois agus Calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2024	2023
		€000	€000
Calaois	1	—	—
Calaois amhrasta	—	—	—

Le linn 2024, bhí cás amháin ina ndearnadh iarracht ar chalaois atreoraithe sonraisc, bhí soláthróir earraí d'Oifig na gCoimisinéirí loncaim bainteach leis. Níor éirigh leis an iarracht, agus tuairiscíodh na sonraí ábhartha don Gharda Síochána. B'ionann an tsuim a bhí i gceist agus suim €343,000.

6.6 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá na Coimisinéirí loncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.84 milliún nó 40% den chostas incháilithe chun cuitéar Custam a cheannach a úsáidfidh an Rannóg Imscrúduithe, lonchúiseamh agus Bainistíochta Teorann (RIIBT) chun earraí toirmiscthe agus táirgí inmháil aindleathacha san fhearann muirí a bhrath. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €920,000 i mí an Mheithimh 2022 agus ordaíodh an cuitéar i mí Lúnasa 2023. Tá seachadadh an chuitéir sceidealaithe do mhí Mheán Fómhair 2025. Déanfaidh na Coimisinéirí loncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh i R4 2025.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-TAXUD), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.19 milliún, nó 80% den chostas incháilithe chun meaisíní éagsúla X-ghathaithe, córais braite rianta, scóp tollta agus speictriméadair a cheannach a úsáidfídh RIIBT chun earraí toirmisceithe agus táirgí inmháil aindleathacha a bhrath i gcalafoirt, aerfoirt, agus iostaí poist. Fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €595,200 i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus ordáíodh trealamh in 2022, 2023 agus 2024. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh i R2 2025.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-TAXUD), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontas ar uasmhéid de €1.33 milliún, nó 80% den chostas incháilithe chun trealamh braite éagsúla a cheannach a úsáideann RIIBT chun contrabhanna a bhrath. Fuarthas an chéad tráthchuid de €664,800 i mí na Samhna 2024 agus áirítear í i gcatagóir 7 'ilghnéitheach' i leithreasuithe i gcabhair. Ordófar trealamh in 2025 agus 2026. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh i R1 2027.

Faoi chomhaontú deontais le hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG-EUAF), tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal uasmhéid de €281,000, nó 80% den chostas incháilithe chun bogearraí forbartha faisnéise a cheannach. Fuarthas an chéad tráthchuid de €140,400 i mí na Nollag 2024 agus áirítear í i gcatagóir 7 'ilghnéitheach' i leithreasuithe i gcabhair. Ordófar trealamh in 2025. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthíocaíocht deontais a éileamh i R1 2027.